

SGOLÁIRÍ BOCHTA

Bhí sgo láire bocht i Leitir Mealláin roimh mo linn-se, le linn m'athar. Chuala mé cainnt air. Bhí sé a' múineadh gasúir ins na tightheadha agus pinginn sa tseachtain dá hóc acab leis. Séamus Ó Maoláin a bhí air.

Bhí teach beag i mBaile na Cille idir mo theach féin agus an fhairrge. Is ann a bhí Seán Ó Briain ina chomhnaidhe, é féin agus a sheanbhean. Ní raibh aon comhlúadar acab ach iad féin beirt. Bhíodh Seán Ó Briain a' múineadh sgoile roimh mo linn-sa. Ní raibh aon teach sgoile aige ach an teaichín comhnaidhe. Ní raibh aoin sgoil riaghaltais in Oileán Gorumna ar dtús. Ní ligfeadh Ardeasbog Mac Éil isteach iad. Bhí sé in aghaidh an Bhéarla agus in aghaidh Shasana.

Chonaic mé féin sgoil ag sgo láire bocht a bhí in Inis Ní. Ó Cearbhaill a bhí air. Bhí teach beag aige féin agus a bhean ar an oileán ar aghaidh Céibh Chloch na Rón. Gasúir Inis Ní a bhíodh a' gul chuige. Tá sé sin suas le chúig bhliana agus trí fichid ó shoin.

Ní bhíodh sgríobhadh ar siubhal chor ar bith acab ins na sgoltacha sin go mbeadh gasúr i bhfad ar sgoil agus bhi daoine go leor sa tír a bhí i ndon léightheoireacht a dhéanamh ach ní sgríobhaidís blas ar bith.

Le linn m'athar a bheith a' gul ar sgoil bhí Gaedhilge dá múineadh. Bhí m'athair i ndon Gaedhilge a léigheadh agus a athair roimhe. Bhí leabhar Gaedhilge ag m'athair de chuid Thaidhg Ghaedhalaigh Uí Shúilleabháin. Bhí an leabhar agam-sa agus is as a d'fhoghlúimigheas "Aoingheas an Pheacaigh leis an mBás."

Bhí sgoltacha riaghaltais i Leitir Mealláin i bhfad sul ma cuireadh ar bun in Oileán Gorumna iad. Bhain Leitir Mealláin le deoighse na Gaillimhe san am sin agus leigeadh sgoltacha riaghaltais isteach ann i bhfad sul má leig Ardeaspag Mac Éil isteach ina dheoighse féin iad. Nuair a tháinig na sgoltacha riaghaltais cuireadh máighistrí Béarla isteach ionntab. Béarla ar fad a bhí acab a' tigheacht. Ní rabhadar i ndon an teagasg Críostaidhe Gaedhilge a mhúineadh. Pádraic Antoine Mac Donnchadha a bhí a' múineadh teagasg Críostaidhe nuair a bhí mise óg. Nuair a bhíodh Aifreann moch ann bhíodh sé á múineadh leathuair ina dhiaidh agus nuair a bhí Aifreann deireannach ann leathuair ina dhiadh. Nuair d'eirigh mé féin suas bhínn a' múineadh teagasg Críostaidhe sa teampull Dia Dómhnaigh. Mhúin m'athair dom le n-a léigheadh. Leabhar Mhic Éil a bhí agam. Bhí leabhar eile ann roimh leabhar Mhic Éil, leabhar an Chiardhubhánaigh, an Dr Ó Ciardubháin. Is fearr an múineadh a thiubhradh sé uaidh ná leabhar Mhic Éil.

An t-Athair Aibhistín Ó Duibhir a phós m'athair agus mó mháthair agus sé a bhaist mise. Bhí sé ocht mbliana déag sa bparáiste. Chuaigh sé as an bpobal seo (An Cheathramha Rua) go Dún Mór. An fhear Gaedhilge a bhí ann. Seanmóirí Gaedilge a dhéanadh sé i gcomhnaidhe. Chuala mé go minic a' seanmóireacht é. Sé an t-Athair Peadar Mac Con Bhuidhe a bhí annseo roimhe. Sé a rinne teach pobail Charna, agus rinne sé teach pobail i dTír Ní ar

bhruach Chuan an Fhir Mhóir. Chuaidh sé as seo go hÁth Cinn. An t-Athair Máirtín Méalóid i ndiadh an Athar Aibhistín. Cailleadh é sa bhFairche. Fear mór Gaedhilge a bhí ann. An t-Athair Uaitéar Mac Con Buidhe ina dhiaidh sin. An fhear Gaedhilge an t-Athair Uaitéar. An t-athair Seán Ó hÉilighe, bhí an Ghaedhilge go binn aige. Bhí na sagairt paráiste ar fad an-Ghaedhalach le mo linn.

Bhí an t-Athair Méalóid lá a' gul abhaile ar a charr tar éis pósadh a dhéanamh i bhFine. Bhí tiománaidhe aige, Jack. Nuair a bhíodar a' gul suas an Aird "Cé mhéid a fuair tú a Jack?" adeir an sagart. "Nach cuma dhuit sa diabhal" adeir Jack, cé mhéad a fuair tú féin?"

T Ó Máille

Bá bhríoghmhar an fear an t-Athair Aibhistín. Bhí sé annseo nuair a bhí Ó Nualláin agus an Trinnseach ag cur isteach ar Phairlimint. Bhí an t-Easpog Mac Éil ar thaobh Uí Nualláin. Dubhairt an t-Athair Aibhistín nach gcuideochadh sé leis mara gcuireadh sé ar ais na tionóntaí a chaith athair Uí Nualláin amach as Port a' Chairn. Dubhairt sé é seo leis an Ardeaspog. Labhair an t-Ardeaspog le Ó Nualláin faoi. "Ní féidir liom an talamh a bhaint den fhear a bhfuil sé anois aige" adeir Ó Nualláin. (Bhí an talamh ag Ó Madadháin as Uachtar Ard). "Is féidir leat gabhaltas a thabhairt dóibh i mBaile an Doirín" adeir an tArdeaspog leis. Rinne sé é sin. Thug sé na tionóntaí a chaith a athair amach ar thaobh an bhóthair, thug sé go Baile an Doirín iad agus thug sé gabhaltas do chaon mhuirghin acab. Chuidigh an t-Athair Aibhistín le Ó Nualláin sa togha.

Seosamh Ó Mongáin agus Pádraic Ó Clochartaigh